Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 2

# Roinn an Taoisigh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chostais Roinn an Taoisigh lena n-áirítear seirbhísí faoi leith atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus íocaíochtaí deontas agus deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €6.878 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas maidir le Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

### Ráiteas maidir le Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú.

### Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbh ráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Déantar idirbhearta airgeadais a phróiseáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais i gCill Airne, ar cuid é den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir Roinn an Taoisigh agus na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais comhlíonta agam i ndáil le soláthar na seirbhíse comhroinnte seo.

Cuirtear feidhmeanna Párolla agus Acmhainní Daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte ón Oifig Náisiúnta un Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18). An tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 atá freagrach maidir le rialaithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a fheidhmiú.

Tá mo chuid dualgas féin maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna a sholáthar comhlíonta agamsa.

Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte faoi seach, go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil do Roinn an Taoisigh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánach airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthaimh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuairiscí tréimhsiúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

***Soláthar poiblí***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht leis na treoirlínte iomchuí a chinntiú.

Ar an iomlán, tuairiscíodh cúig chomhaontú soláthair faoi Chiorclán 40/02 in 2018 agus €454,885 an caiteachas iomlán a bhí i gceist leo. Bhí an conradh ba mhó díobh sin, a raibh caiteachas €243,182 ag baint leis, ina lón ábhair i ndáil le próiseas oscailte tairisceana roimhe seo agus tá síneadh curtha leis. Baineann sé le caiteachas ar chothabháil, tacaíocht agus ar cheadúnais maidir le córas ríomhsheirbhísí Comh-Aireachta saincheaptha d'úsáideoirí ar fud na Ranna Rialtais ar fad. Táthar i mbun nuashonrú riachtanach a dhéanamh ar an gcóras sin faoi láthair agus tá sé i gceist go mbeidh an nuashonrú sin déanta in 2019. Bronnadh conradh eile, a raibh caiteachas €94,144 leis, gan tairiscint iomaíoch a reáchtáil. Chuathas i mbun anailís costais is tairbhe áfach d'fhonn a chinntiú go raibh luach maith ar airgead i gceist leis an gconradh ar sheirbhísí.

Bhain conradh amháin, a raibh caiteachas €47,716 ag baint leis, le Binse Moriarty agus bíonn sé san áireamh gach bliain, de bharr go bhfuil sé ar athlá ón mbliain roimhe sin. D'fhostaigh Coimisiún Imscrúdúcháin Cooke soláthróir go díreach agus chuir siadsan sonrasc arbh ionann é agus €40,000 ar an iomlán ar aghaidh i ndáil le seirbhísí in 2018. Tá Binsí Fiosrúcháin agus Coimisiúin Imscrúdúcháin neamhspleách go hiomlán ar Roinn an Taoisigh. Baineann an conradh deiridh, a raibh caiteachas €29,843 ag baint leis, leis na téarmaí comhaontaithe i ndáil le seirbhísí ar cuireadh sonrasc ar aghaidh ina leith a bhain le hathbhreithniú neamhspleách a rinne saineolaithe ar an bpróiseas soláthair a bhain leis an Leathanbhanda Náisiúnta.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tá bainistíocht riosca ar cheann de na buan-nithe ar chlár Choiste Iniúchta na Roinne.

Tá an próiseas Náisiúnta bliantúil i ndáil le Measúnú Riosca, a ndéanann Roinn an Taoisigh monatóireacht air, i bhfeidhm chomh maith, agus cuirtear deis ar fáil leis chun rioscaí straitéiseacha a chaithfidh Éire dul i ngleic leo sa ghearrthéarma a aithint agus a phlé sa ghearrthréimhse, sa mheántréimhse agus sa bhfadtréimhse.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

**Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais**

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2018, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

29 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 2 Roinn an Taoisigh

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Roinn an Taoisigh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2019

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| *A* | Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | 34,263 | 27,314 | 28,345 |
| | **Ollchaiteachas** | **34,263** | **27,314** | **28,345** |
| | Lúide | | | |
| *B* | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **872** | **801** | **757** |
| | **Glanchaiteachas** | **33,391** | **26,513** | **27,588** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid fheidhmithe faoi dhliteanas a thabhairt suas don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **6,878,390** | **9,158,594** |

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

29 Márta 2019

# Nótaí maidir leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 7,299 | 13,022 |
| Pá | | 13,796 | 12,487 |
| Neamhphá | | 6,219 | 2,836 |
| **Ollchaiteachas** | | **27,314** | **28,345** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **801** | **757** |
| **Glanchaiteachas** | | **26,513** | **27,588** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (522) | | |
| Dímheas | 156 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 3 | | |
| | | (363) | (214) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (102) | | |
| Laghdú ar stoc | 11 | | |
| | | (91) | 280 |
| **Caiteachas díreach** | | **26,059** | **27,654** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta1.1) | | 4,932 | 4,561 |
| Measchíosanna | | 1,464 | 1,395 |
| **Costas chláir ghlan** | | **32,455** | **33,610** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an méid glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 2, a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 8 | 8 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,472 | 2,709 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 755 | 1,099 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta un Seirbhísí Comhroinnte | 21 | 25 |
| Vóta 20 Garda Síochána | 201 | 201 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas | 53 | 51 |
| Vóta 36 Cosaint | 82 | 91 |
| Príomhchiste: pinsin Taoisigh agus Airí | 340 | 377 |
| | **4,932** | **4,561** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **1,029** | **669** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 845 | 513 |
| Stoic | 2.4 | 96 | 107 |
| Réamhíocaíochtaí | | 339 | 282 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 93 | 29 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 1,373 | 931 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 287 | 332 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 565 | 592 |
| Maoiniú glan ón Státchiste ata dlite | 2.7 | 373 | (50) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 1,225 | 874 |
| **Glansócmhainní reatha** | | **148** | **57** |
| **Glansócmhainní** | | **1,177** | **726** |
| **Arna léiriú sa:** | | | |
| **Cuntas maoiniú an Stáit** | 2.1 | **1,177** | **726** |

### 2.1 Cuntas maoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 726 | 792 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 33,391 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (6,878) | | |
| Vóta glan | | | 26,513 | 27,588 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 4,932 | 4,561 |
| Míreanna neamhairgid – coigeartú sócmhainní | | | (3) | — |
| Caiteachas neamhairgid - measchíosanna | 1 | | 1,464 | 1,395 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (32,455) | (33,610) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,177** | **726** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh IT agus oifig | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil á bhforbairt[a] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luach ag 1 Eanáir 2018 | 2,116 | 615 | 328 | 3,059 |
| Breiseanna | 456 | 66 | --- | 522 |
| Diúscairtí | (1,296) | (37) | --- | (1,333) |
| Coigeartú | (4) | --- | --- | (4) |
| Costas nó luach ag 31 Nollaig 2018 | 1,272 | 644 | 328 | 2,244 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir 2018 | 1,859 | 531 | --- | 2,390 |
| Dímheas don bhliain | 138 | 18 | --- | 156 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,294) | (36) | --- | (1,330) |
| Coigeartú | (1) | --- | --- | (1) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018 | 702 | 513 | --- | 1,215 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **570** | **131** | **328** | **1,029** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 257 | 84 | 328 | 669 |

Nóta [a] Cumasaíonn agus tacaíonn an córas eCabinet leis na próisis riaracháin a bhaineann le gnó Rialtais a ullmhú agus a sheoladh agus le cinntí Rialtais a scaipeadh. Tá breis is 3,000 duine ag úsáid an chórais ar fud na ranna rialtais. Tá uasghrádú mór ar bun ar an gcóras le hinmharthanacht an chórais a chinntiú.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 845 | 505 |
| Cuntas bhainc thráchtála | — | 8 |
| | **845** | **513** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bronntanais | 11 | 10 |
| Stáiseanóireacht | 41 | 48 |
| Foilseacháin | 41 | 42 |
| Ábhar inchaite, srl. | 3 | 7 |
| | **96** | **107** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aisghabháil ar chaiteachas na scéime pas taistil | 88 | 23 |
| Eile | 5 | 6 |
| | **93** | **29** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 298 | 246 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 104 | 96 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | 50 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 60 | 98 |
| | 463 | 490 |
| Asbhaintí den phárolla a coimeádadh ar fionraí | 97 | 80 |
| Eile | 5 | 22 |
| | **565** | **592** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 6,878 | 9,159 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (6,505) | (9,209) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **373** | **(50)** |
| **Arna léiriú i:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 845 | 513 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 93 | 29 |
| | 938 | 542 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (462) | (490) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (103) | (102) |
| | (565) | (592) |
| | **373** | **(50)** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 53 | 14 |
| Tionscadail chaipitil | 164 | 164 |
| **Iomlán na gceangaltais atá infhorfheidhmithe le dlí** | **217** | **178** |

## 2.9 Dliteanas teagmhasach

Cruthóidh slánaíocht arna cur ar fáil ag an Roinn maidir le costais cás dlí. Tá an cás sin tugtha chun críche ach níl luach deiridh na gcostas ar eolas fós.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 15,101 | 13,796 | 12,487 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 730 | 538 | 618 |
| iii | Speansais oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 4,455 | 3,524 | 555 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 360 | 249 | 274 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,410 | 1,494 | 1,041 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 316 | 414 | 348 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 18 | — | — |
| | | **22,390** | **20,015** | **15,323** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha (+/- 25% agus +/- €100,000) i gceist i gcaiteachas riaracháin an Vóta.

*ii.* *Taisteal agus cothabháil*

Soláthar mheastacháin: €730,000, toradh: €538,000

Ba mar gheall ar níos lú taistil a bheith á dhéanamh ná mar a measadh ag an am a raibh gannchaitheamh €192,000 ann faoin bhfo-cheannteideal seo in 2018.

*iii.* *Speansais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha*

Soláthar mheastacháín €4.455 milliún, toradh: €3.524 milliún

Ba mar gheall ar dhá chúis go príomha a raibh gannchaitheamh €931,000 ann i ndáil le speansais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha: caiteachas níos lú ná mar a bhí measta ar ócáidí Stáit; agus caiteachas níos lú ná mar a bhí tuartha ar dtús nuair a socraíodh deireadh a chur leis an Aonad um Chumarsáid Straitéiseach in 2018. Rinneadh coigiltis faoin bhfo-cheannteideal seo a fhritháireamh in aghaidh caiteachas níos mó a tabhaíodh in dhá fho-cheannteideal eile: fo-cheannteideal v trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha IT agus fo-cheannteideal vi speansais i ndáil le háitreabh oifige.

*iv.* *Seirbhísí postas agus teileachumarsáid*

Soláthar mheastacháin: €360,000, toradh: €249,000

Ba mar gheall ar chostais postais agus teileachumarsáide a bheith níos lú ná mar a bhí measta ag an am a raibh gannchaitheamh €111,000 ann faoin bhfo-cheannteideal seo.

## Clár A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 15,101 | 13,796 | 12,487 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 7,289 | 6,219 | 2,836 |
| A.3 | An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta | 2,051 | 1,889 | 1,889 |
| A.4 | Binse fiosraithe | 4,506 | 1,999 | 6,552 |
| A.5 | Coimisiún imscrúdaithe | 4,707 | 2,877 | 2,403 |
| A.6 | Tionól na saoránach | 609 | 534 | 1,535 |
| A.7 | Cosaint sonraí | --- | --- | 378 |
| A.8 | Gnóthaí diaspóra | --- | --- | 266 |
| | | **34,263** | **27,314** | **28,346** |

**Athruithe Suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €6.949 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá an t-athrú €2.375 milliún sa chaiteachas riaracháin mínithe cheana. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla iarmhéid an athraithe:

*A.1* *Riarachán – pá*

Soláthar mheastacháin: €15.101 milliún, toradh: €13.796 milliún

Ba mar gheall ar laghdú a bheith ar chostais foirne de bharr gur cuireadh deireadh leis an Aonad um Chumarsáid Straitéiseach ó mhí Iúil 2018 agus moill a bheith ar fholúntais a líonadh i roinnt grád de bharr go raibh easpa painéal ar fáil ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a raibh gannchaitheamh €1.305 milliún ann ar thuarastail, pá agus liúntais in 2018.

*A.3* *An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta*

Soláthar mheastacháin: €2.051 milliún, toradh: €1.889 milliún

Ba mar gheall nár líonadh post agus de bharr go raibh an difríocht le caitheamh ar thionscadal TF a bhí beartaithe a chur ar ceal go dtí an bhliain 2019 a raibh gannchaitheamh €162,000 ann.

*A.4* *Binse fiosrúcháin*

Soláthar mheastacháin: €4.506 milliún, toradh: €1.999 milliún

Ba mar thoradh ar roinnt éileamh ar chostais dlí a réiteach in 2018 a bheith níos ísle ná mar a bhí measta a raibh gannchaitheamh €2.507 milliún ann i gcomórtas leis an soláthar measta. Níl aon smacht ag an Roinn ar chostais dlí tríú páirtí arna mbronnadh ag an mbinse fiosrúcháin agus ní féidir tráthúlacht socraíochta maidir le costais tríú páirtí nó an méid costais a bheidh dlite ag am ar bith a thuar.

*A.5* *Coimisiúin imscrúdúcháin*

Soláthar mheastacháin: €4.707 milliún, toradh: €2.877 milliúin

Tá coimisiúin imscrúdúcháin neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus braitheann an méid caiteachais a bhíonn i gceist leo ar riachtanais agus ar cheanglais a gcuid imscrúdúchán i dtosach báire. Ba mar gheall ar an deacracht a bhí ag na Coimisiúin an méid caiteachais a bheadh le déanamh acu chomh maith le tráthúlacht an chaiteachais sin a thuar go cruinn, lena n-áirítear caiteachas a tháinig chun cinn mar gheall ar chinntí costais tríú páirtí a bhronnadh, a raibh gannchaitheamh €1.83 milliún ann i gcomórtas leis an soláthar measta.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Leithreasaí-i-gcabhair | 58 | 49 | 49 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint um pinsean as luach saothair na seirbhíse poiblí | 814 | 752 | 708 |
| | **Iomlán** | **872** | **801** | **757** |

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 4 | — |
| Fáltais ó shealbhóirí Oifige a thug suas a dtuarastail go deonach | 27 | 4 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (4) | — |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **27** | 4 |

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe (coibhéis lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** [a] | **234** | **228** |

Nóta [a] Áirítear san anailís thuas foireann neamh-rannach atá curtha faoi fho-cheannteidil eile.

## 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 14,025 | 13,123 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | 201 | 414 |
| Liúntas i leith ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 290 | 297 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 423 | 387 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,014 | 908 |
| **Pá iomlán** [a] | **15,953** | **15,129** |

Nóta [a] Áirítear san anailís seo costais pá foirne ranna agus gníomhaireachta.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 34 | 12 | 23,749 | 20,614 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 101 | 13 | 22,076 | 20,932 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 15 | 11 | 32,556 | 21,568 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh íocaíocht €29,681 (2017: €29,681) le hiar-fhostaí amháin i ndáil le sochair scoir chomhaontaithe.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba €9,728 iarmhéid na ró-íocaíochtaí amuigh ag deireadh na bliana agus a bhain le seacht duine aonair (2017: €19,886 ab ea bunluach na gcásanna ró-íocaíochta a bhain le 13 duine aonair). Bhí pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2018 i leith €1,707 (beirt duine aonair).

## 5.6 Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí

Rinneadh scaoilíocaíocht €200,993 a íoc in 2018 a bhain le hiarmhéideanna a bhí dlite ar dhífhostú a tharla in 2017.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coimisiúin, coiste agus fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún, coiste nó fiosrúchán speisialta | Bliain an cheaptha | 2018 | 2017 | Caiteachas iomlán go deireadh 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse Fiosraithe II (Íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry) | 1997 | 2,000 | 6,552 | 63,294 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cregan) | 2015 | 1,995 | 1,555 | 5,066 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cooke) | 2017 | 881 | 350 | 1,231 |

Beidh íocaíochtaí eile ann a bhaineann leis an mBinse Fiosraithe II (Íocaíochtaí le Messrs Haughey agus Lowry). Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an tráth seo.

Baineann Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) le hidirbhearta áirithe a sheol an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc.

Baineann Coimisiún Imscrúdúcháin (Cooke) le punann Project Eagle a dhíol an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

## 6.2 Bronntanais oifigiúla

Áirítear sa chuntas suim €6,728 a úsáideadh chun bronntanais a cheannach le bronnadh ag an Taoiseach agus ag Airí Stáit nó le bronnadh thar a gceann in 2018 (2017: €6,944).

## Aguisín A Cuntais do comhlachtaí faoi choimirce Roinn an Taoisigh

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste na Roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheiridh | Dáta an tuairisc iniúchta | Dáta faighte ag Aire/Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamíoch agus Shóisialach | 2017 | 28 Meitheamh 2018 | 1 Iuil 2018 | 3 Lunasa 2018 |